Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Office of the Director of Public Prosecutions

# Bainisteoir um Bainstíocht Eolais Dlí agus Tionscadail Straitéiseacha

# Ardoifigeach Feidhmiúcháin

# Tá lúcháir orainn ár gcomortás is déanaí a sheoladh chun róil do bheirt Bhainisteoir um Bainstíocht Eolais Dlí agus Tionscadail Straitéiseacha (Ardoifigeach Feidhmiúcháin) a líonadh inár nAonad um Beartas agus Taighde Ionchúisimh

Dáta Deiridh**: 24 Meán Fómhair 2026** Am Dúnta**: Meán Oíche**

## Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí

*Léigh go cúramach le do thoil*

Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus spreagann sí iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cúlraí agus taithí éagsúil acu. Tá faisnéis bhreise ar éagsúlachtaí sonracha sa chuid "Conas Iarratas a Dhéanamh".

**https://www.dppireland.ie/ga/working-with-us**

Reáchtálfaidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí an comórtas seo i gcomhréir leis an gCód Cleachtais le haghaidh Ceapacháin chuig Poist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí arna ullmhú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA).

Foilsíonn an CPSA cóid chleachtais agus tá siad ar fáil ar www.cpsa.ie

TEAGMHÁIL maidir le gach ábhar a bhaineann leis an bhfeachtas seo:

**Recruitment@dppireland.ie**

# CLÁR ÁBHAIR

CLÁR ÁBHAIR ........ 2

AN OIFIG ........ 3

AN TAONAD UM BEARTAS AGUS TAIGHDE IONCHÚISIMH ........ 4

AN RÓL ........ 5

RIACHTANAS: SAINEOLAS AGUS INNIÚLACHTAÍ ........ 6

PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE – BBEDTS ARDOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN ........ 7

AN PRÓISEAS IARRATAIS AGUS ROGHNÚCHÁIN ........ 12

CEARTA IARRTHÓIRÍ - NÓSANNA IMEACHTA ATHBHREITHNITHE MAIDIR LEIS AN BPRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN ........ 15

OIBLEAGÁIDÍ NA N-IARRTHÓIRÍ ........ 16

NA hACHTANNA UM CHOSAINT SONRAÍ ........ 17

AGUISÍN 1: INCHÁILITHEACHT CHUN DUL SAN IOMAÍOCHT AGUS SRIANTA ÁIRITHE AR INCHÁILITHEACHT ........ 18

AGUISÍN 2: INNIÚLACHTAÍ ........ 20

# Bainisteoir um Bainstíocht Eolais Dlí agus Tionscadail Straitéiseacha in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (ODPP) ag iarraidh beirt Bhainisteoir um Bainistíocht Eolais Dlí agus Tionscadail Straitéiseacha (Ardoifigeach Feidhmiúcháin) a earcú laistigh den Aonad um Beartas Ionchúisimh agus Taighde (PPRU).

Beidh na hiarrthóirí rathúla freagrach as forbairt leanúnach na feidhme Bainistíochta Eolais Dlí agus Taighde agus as clár an Aonaid le haghaidh gníomhaíochtaí straitéiseacha, taighde agus bainistíochta eolais, clár atá ag méadú de réir a chéile, a sheachadadh.

## An Oifig

Bunaíodh an ODPP leis an Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974. Is é ár misean Seirbhís Ionchúisimh a chur ar fáil atá neamhspleách, cothrom agus éifeachtach. Tá an Stiúrthóir neamhspleách i gcomhlíonadh a feidhmeanna.

Forfheidhmíonn an Stiúrthóir an dlí coiriúil sna cúirteanna ar son Mhuintir na hÉireann; stiúrann agus déanann sé/sí maoirseacht ar ionchúisimh phoiblí ar díotáil sna cúirteanna; agus tugann sé/sí treoir ghinearálta agus comhairle don Gharda Síochána maidir le cásanna achoimre mar aon le treoir shainiúil ina leithéid de chásanna nuair a iarrtar sin.

Tá ceithre rannán ag an ODPP:

1. Tacaíonn an **Rannán Seirbhísí Tacaíochta Ionchúiseamh** le seirbhísí ionchúisimh choiriúil a sholáthar trína freagrachtaí maidir le comhar idirnáisiúnta, athbhreithnithe ar chinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh, caighdeáin ionchúisimh, rannpháirtíocht beartais, taighde, bainistíocht eolais, oiliúint dlí agus cosaint sonraí.
2. Tá an **Rannán Seirbhísí Corparáideacha** freagrach as seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthar don Oifig i réimse acmhainní daonna, forbairt eagraíochtúil, straitéis, TFC, Airgeadas, cumarsáid, rialachas agus cóiríocht.
3. Tá Rannán **na nAonad Stiúrtha & Speisialtóra** freagrach as na comhaid imscrúdaithe a scrúdú le cinneadh a dhéanamh chun ionchúiseamh a dhéanamh. Tá dhá Shainaonad laistigh den Rannán sin, an tAonad um Chionta Gnéasacha agus Tromcúiseacha agus an tAonad um Choireacht Airgeadais Speisialta, a bhfuil feidhm stiúrtha acu agus a dhéanann cásanna a ionchúiseamh sa chúirt.
4. Ullmhaíonn agus seolann **Rannán na nAturnaetha** cásanna thar ceann an Stiúrthóra sa Chúirt Dúiche i mBaile Átha Cliath, sna Cúirteanna Coiriúla Cuarda ar fud na tíre, sa Chúirt Achomhairc, san Ard-Chúirt agus sna Cúirteanna Uachtaracha. Tacaíonn agus maoirsíonn an Rannán seo an tSeirbhís Aturnae Stáit go náisiúnta freisin.

Tá ball den Fhoireann Bainistíochta Sinsearach (FBS) i mbun maoirseachta ar gach Rannán den ODPP. Déanann comhaltaí an Bhoird Bainistíochta na hAonaid agus na Rannóga i ngach Rannán a bhainistiú agus tá daoine le scileanna agus cúlraí éagsúla mar fhoireann acu. Tá cur síos mionsonraithe ar obair gach ceann de rannáin na hOifige ar fáil ar https://www.dppireland.ie/about-us/our-organisation.

Bíonn an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ag brath freisin ar aturnaetha stáit i 30 láthair agus ar phainéil abhcóidí chun ionadaíocht a dhéanamh di i gcásanna a ionchúisítear ar díotáil sna cúirteanna níos airde. Déantar gach ábhar achomair a ionchúisíonn na Gardaí sa Chúirt Dúiche a ionchúiseamh in ainm an Stiúrthóra. Mar sin is comhpháirtithe tábhachtacha iad an tseirbhís aturnae Stáit, na hAbhcóidí agus An Garda Síochána i soláthar seirbhíse ionchúisimh.

Is fostóir ionchuimsitheach forásach é ODPP a bhfuil meas aige ar sholúbthacht, folláine agus fás gairmiúil. Tacaímid lenár ndaoine trí raon roghanna oibre solúbtha a thacaíon le teaghlaigh, lena n-áirítear postroinnt, bliain oibre níos giorra, agus cianobair chumaisc. Mar eagraíocht foghlama, táimid tiomanta d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach trí chúrsaí oiliúna inmheánacha, tacaíochtaí oideachais tríú leibhéal, agus rannpháirtíocht i dtionscnaimh tras-rannacha agus seachtracha ceartais choiriúil.

Is féidir tuilleadh sonraí a fháil ag Ag Obair Linn agus Ár Misean agus ár Luachanna.

## An tAonad um Beartas Ionchúisimh agus Taighde

Tá ról lárnach ag an Aonad um Beartas Ionchúisimh agus Taighde (PPRU), atá mar chuid den Rannán Seirbhísí Tacaíochta Ionchúisimh (PSSD), i dtacú le sármhaitheas ionchúisimh ar fud na hOifige trí thaighde dlí, bainistíocht eolais, forbairt beartais, tacaíocht oiliúna agus tionscadail straitéiseacha.

Tacaíonn an tAonad le hionchúisitheoirí, le hAturnaetha Stáit, leis an mbainistíocht shinsearach agus le páirtithe leasmhara seachtracha trí thaighde dlí ardchaighdeáin a sholáthar, trí chórais bhainistíochta eolais a chothabháil agus trí rannchuidiú le forbairt beartais ionchúisimh agus foghlaim eagraíochtúil.

Le blianta beaga anuas, tá méadú suntasach tagtha ar raon feidhme an Aonaid. Chomh maith lena fheidhmeanna traidisiúnta taighde dlí agus bainistíochta eolais, tacaíonn an tAonad anois leis an méid seo a leanas:

- Meastóireachtaí idirnáisiúnta agus cleachtaí monatóireachta;
- Pleanáil straitéiseach agus gníomhaíochtaí scanadh ionchais;
- Tionscnaimh chomhroinnte eolais ar fud na hearnála poiblí;
- Treoir dlí agus ábhair oiliúna a fhorbairt;
- Cláir intéirneachta agus socrúcháin;
- Tairseach Dlí agus córais bhainistíochta eolais na hOifige a fheabhsú;
- Tionscadail tras-eagraíochta agus tionscnaimh athchóirithe ceartais choiriúil.

Príomhthosaíocht straitéiseach is ea tacú le hobair an Choiste Stiúrtha um Athchóiriú Ionchúisimh Achoimre (SPRSC) agus le tionscnaimh ghaolmhara a fhéachann le comhar, comhroinnt eolais agus caighdeáin a neartú ar fud na hearnála ceartais choiriúil.

## An Ról

Tá forbairt shuntasach tagtha ar an bhfeidhm um Bainistíocht agus Taighde ar Eolas Dlí (LKMR) le blianta beaga anuas agus tacaíonn sí anois le raon leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear taighde dlí, bainistíocht eolais, pleanáil straitéiseach, forbairt beartais, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, tionscnaimh oiliúna agus mórthionscadail eagraíochtúla. Rannchuideoidh na hiarrthóirí rathúla le tionscnaimh straitéiseacha shuntasacha a chur i gcrích, lena n-áirítear obair a bhaineann leis an gCoiste Stiúrtha um Athchóiriú Ionchúiseamh Achoimre (SPRSC), agus tacú le cuspóirí straitéiseacha níos leithne na hOifige.

Agus iad ag tuairisciú do chomhaltaí sinsearacha na foirne LKMR, tacóidh na hiarrthóirí rathúla le pleanáil, comhordú agus seachadadh tionscadal taighde dlí, tionscnaimh bhainistíochta eolais agus sruthanna oibre straitéiseacha. Oibreoidh siad go dlúth le comhghleacaithe ar fud na hOifige, le hAturnaetha Stáit, le comhpháirtithe ceartais choiriúil agus le páirtithe leasmhara eile chun acmhainní eolais a fhorbairt, chun tacú le tionscnaimh athchóirithe agus chun cabhrú le seachadadh éifeachtach clár oibre atá ag éirí níos tábhachtaí agus níos ardphróifíle a chinntiú.

### Príomhfhreagrachtaí:

**Ceannaireacht agus Comhordú**

- Tacú le comhordú agus seachadadh na feidhme LKMR agus clár oibre PPRU níos leithne.
- Treoir agus tacaíocht a sholáthar don fhoireann um Bainistíocht Eolais Dlí agus Taighde, d'intéirnigh dlí agus d'acmhainní tionscadail sannta.
- Comhordú a dhéanamh ar sheachadadh tionscadal sannta, tionscnamh taighde agus gníomhaíochtaí bainistíochta eolais.
- Cur le pleanáil ghnó, cuspóirí straitéiseacha agus forbairt seirbhíse.
- Comhoibriú, nuálaíocht agus comhroinnt eolais a chur chun cinn ar fud na hOifige.
- Caidreamh éifeachtach a thógáil agus a choinneáil le páirtithe leasmhara ar fud na hOifige.

**Taighde Dlí & Bainistíocht Eolais**

- Tionscadail chasta taighde dlí a sheoladh agus a chomhordú.
- Cabhrú le córais bhainistíochta eolais na hOifige a fhorbairt agus a fheabhsú.
- Treoir dhlíthiúil, ábhair faisnéise agus táirgí taighde a ullmhú.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí dlí agus impleachtaí a aithint do bheartas agus oibríochtaí ionchúisimh.
- Tacú le tionscnaimh rialachais eolais agus bainistíochta faisnéise.
- Cur le hábhair oiliúna agus gníomhaíochtaí comhroinnte eolais.

**Rannpháirtíocht Chorparáideach agus Sheachtrach**

- Tacú le freagraí ar mheastóireachtaí agus iniúchtaí idirnáisiúnta.
- Páirt a ghlacadh i ngrúpaí oibre agus i dtionscnaimh trasearnála.
- Ionadaíocht a dhéanamh don Aonad agus don Oifig ag cruinnithe, comhdhálacha agus ceardlanna de réir mar is gá.

**Tabhair faoi deara nach bhfuil na dualgais atá liostaithe thuas uileghabhálach; féadfar freagrachtaí breise a bhaineann leis an ngrád a shannadh.**

## Ceanglas: Saineolas & Inniúlachtaí

### Ceanglais Riachtanacha:

i. Céim onóracha (NFQ Leibhéal 8 nó níos airde) sa Dlí. De rogha air sin, céim onóracha i ndisciplín ábhartha eile mar aon le cáilíocht iarchéime sa Dlí.

*Chomh maith leis an méid thuas a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóirí na critéir riachtanacha seo a leanas a léiriú freisin:*

ii. Taithí i dtaighde dlí agus i mbainistíocht eolais.
iii. Taithí ar thionscadail, cláir oibre nó píosaí casta oibre a bhainistiú nó a chomhordú.
iv. Scileanna láidre rannpháirtíochta, cumarsáide agus bainistíochta caidrimh le páirtithe leasmhara.
v. Scileanna láidre anailíse, eagrúcháin agus réiteach fadhbanna.
vi. Cumas chun tosaíochtaí iomaíocha a bhainistiú agus aschuir ardcháilíochta a sheachadadh chuig spriocdhátaí.
vii. Scileanna láidre digiteacha agus bainistíochta faisnéise.

Ní mór d'iarrthóirí na príomhinniúlachtaí maidir le feidhmíocht éifeachtach ag an leibhéal seo a léiriú freisin, ar inniúlachtaí iad a shonraítear ag **Aguisín 2**

### Ceanglais Inmhianaithe:

i. Taithí i dtimpeallacht dlí, ceartas coiriúil nó earnáil poiblí.
ii. Taithí ag tacú le hoiliúint, le forbairt eagraíochtúil nó le tionscnaimh athraithe.
iii. Cáilíocht nó deimhniú aitheanta bainistíochta tionscadail.
iv. Taithí ag tacú le córais bhainistíochta eolais agus le creataí rialachais.
v. Taithí a bheith ag obair ar thionscadail thrasfheidhmiúla nó ilpháirtithe leasmhara.

**Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara nach gciallaíonn iontráil ar an gcomórtas go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta. Mar sin, ba cheart d'iarrthóirí iad féin a shásamh go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta don chomórtas seo.**

# Príomhchoinníollacha Seirbhíse – BBEDTS Ardoifigeach Feidhmiúcháin

## Ginearálta

Tá an ceapachán faoi réir Achtanna Rialacháin na Státseirbhíse 1956 go 2005, an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus aon Acht eile a bheidh i bhfeidhm de chumhacht na huaire maidir leis an Státseirbhís.

## Pá

Seo a leanas tuarastal an phoist:

Scála Pá RPP (Ranníocaíocht Phinsin Phearsanta)[1] le héifeacht ón 1 Meitheamh 2026:

€60,029 – €61,785 – €63,537 – €65,286 – €67,044 – €68,792 – €70,547 – €73,077 LSI1 – €76,546 LSI2

D'fhéadfadh incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha tar éis 3 bliana (LSI1) agus 6 bliana(LSI2) de sheirbhís shásúil ar ghrád uasta an scála.

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i gceist, más státseirbhíseach nó státseirbhíseach ar seirbhís é an ceapaí, díreach roimh an gceapachán.

Faoi réir feidhmíocht shásúil d'fhéadfadh go mbeadh incrimintí iníoctha de réir Bheartas reatha an Rialtais.

Comhaontóidh tú go n-aisíocfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntais nó caiteachais de réir Chiorclán 07/2018: Aisghabháil Ró-íocaíochtaí Tuarastail, Liúntas, agus Caiteachais a dhéantar do Bhaill Foirne/Iarbhaill Foirne/Pinsinéirí.

## Tréimhse Oifige agus Promhadh

Is é an ceapachán ón gcomórtas seo post buan ar chonradh promhaidh sa Státseirbhís. Mairfidh an conradh promhaidh don phost buan seo ar feadh tréimhse naoi mí ón dáta a shonraítear ar an gconradh.

Le linn thréimhse do chonartha promhaidh, beidh do fheidhmíocht faoi réir athbhreithniú ag do stiúrthóir(í) chun a chinntiú an bhfuil:

- **i)** Tú feidhmithe ar bhealach sásúil;
- **ii)** Tú sásúil san iompar ginearálta; agus
- **iii)** Tú oiriúnach ó thaobh na sláinte de agus aird ar leith ar shaoire bhreoiteachta.

[1] *Tá feidhm ag an ráta RPP nuair a cheanglaítear ar an duine Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a íoc (ar a dtugtar ranníocaíocht phríomhscéime ar shlí eile) de réir rialacha a phríomhscéime/scéime aoisliúntais phearsanta. Ní hionann é seo agus ranníocaíocht maidir le ballraíocht i scéim Céilí agus Leanaí nó Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (ASC). Beidh ráta difriúil i bhfeidhm nuair is státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí an ceapaí a earcaíodh roimh 6 Aibreán 1995 agus **nach gceanglaítear** orthu Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.*

Sula gcríochnófar an conradh promhaidh déanfar cinneadh an gcoimeádfar nó nach gcoinneofar thú de bhun Alt 5A (2) d'Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 – 2005. Beidh an cinneadh seo bunaithe ar d'fheidhmíocht arna measúnú i gcoinne na gcritéar atá leagtha amach in (i) go (iii) thuas. Míneoidh ODPP sonraí an phróisis phromhaidh duit agus tabharfar cóip duit de Threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóirithe an GTI.

D'ainneoin na míreanna roimhe seo san alt seo, féadfar an conradh promhaidh a fhoirceannadh tráth ar bith roimh dhul in éag do théarma an chonartha ag ceachtar taobh de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005.

Sna cúinsí seo a leanas féadfar do chonradh a fhadú agus do thréimhse phromhaidh a chur ar fionraí.

- Tá an tréimhse phromhaidh ar fionraí nuair a bhíonn fostaí as láthair mar gheall ar Shaoire Mháithreachais nó Uchtála.
- Maidir le fostaí as láthair ar Shaoire Thuismitheoirí nó ar Shaoire Cúramóra, féadfaidh an fostaí a éileamh go gcuirfí promhadh ar fionraí mura meastar an neamhláithreacht a bheith comhsheasmhach le leanúint den phromhadh.
- Aon fhoráil reachtúil eile a fhorálann go ndéanfaidh promhadh -
  - (i) seasamh ar fionraí le linn d'fhostaí a bheith as láthair ón obair, agus
  - (ii) le comhlánú ag an bhfostaí ar fhilleadh na bhfostaithe ón obair tar éis na hasláithreachta sin.

Sa chás go gcuirtear promhadh ar fionraí ba chóir don fhostóir na cúinsí a bhaineann leis an bhfionraí a chur in iúl don fhostaí.

Má theipeann ar cheapaí, a bhí ina státseirbhíseach ag fónamh díreach sular ceapadh ón gcomórtas seo é, na coinníollacha promhaidh a chomhlíonadh, is iondúil go n-eascróidh ceist na frithdhílse. I gcás frithdhílse, fillfidh oifigeach ar fholúntas san iarghrád a bhí acu ina iar-Roinn.

## Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2015

Ní bheidh feidhm ag na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2015 maidir le foirceannadh na fostaíochta mar gheall ar dhul in éag an chonartha téarma shocraithe amháin gan é a athnuachan.

## Dualgais

Ceanglófar ar an oifigeach aon dualgais a oireann don phost a d'fhéadfaí a shannadh ó am go ham a chomhlíonadh. Ní fhéadfaidh an t-oifigeach gabháil do chleachtadh príobháideach ná baint a bheith aige/aici le haon ghnó seachtrach a chuirfeadh isteach ar chomhlíonadh dualgas oifigiúil nó a bheadh contrártha ar bhealach ar bith leis an bpost ina bhfuil an t-iarrthóir ceaptha.

## Suíomh

Tá an Oifig lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Mar gheall ar chineál obair na bhfostaithe ODPP ceanglófar orthu freastal ar ghnó oifigiúil in áiteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Nuair a bheidh tú as láthair ón mbaile agus ón gceanncheathrú ar dhualgas oifigiúil, íocfar costais taistil chuí agus liúntais chothaithe de réir Rialacháin na Státseirbhíse.

## Uaireanta freastail

Socrófar uaireanta freastail ó am go chéile ach ní bheidh siad níos lú ná 41 uair an chloig agus 15 nóiméad comhlán in aghaidh na seachtaine nó 35 uair glan in aghaidh na seachtaine. Beidh ar an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi cibé uaireanta breise a oibriú ó am go ham a bheidh réasúnach agus riachtanach chun a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh i gceart faoi réir na dteorainneacha atá leagtha síos sna rialacháin um am oibre. Leis an ráta luacha saothair atá iníoctha clúdaítear aon dliteanas um fhreastal breise a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go ham.

## Saoire Bhliantúil

29 lá oibre a bheidh sa liúntas saoire bliantúla, ag ardú go 30 lá tar éis 5 bliana seirbhíse. Tá an liúntas seo, atá faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a dheonú, ar bhonn seachtaine cúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí ann.

## Saoire Bhreoiteachta

Beidh pá le linn asláithreacht bhreoiteachta deimhnithe i gceart, ar choinníoll nach bhfuil aon fhianaise ar mhíchumas buan le haghaidh seirbhíse, i bhfeidhm ar bhonn pro rata, de réir na Rialachán um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Breoiteachta) (IR 124 de 2014), na Rialacháin um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Breoiteachta) (Leasú) 2015 (IR 384 de 2015), na Rialachán um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreoiteachta) (Leasú) 2023 (IR 407 de 2023), agus aon ciorclán ábhartha.

Beidh ar oifigigh a bheidh ag íoc ráta ÁSPC Aicme A sainordú a shíniú ag údarú don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Beidh íocaíocht le linn breoiteachta faoi réir ag an oifigeach ag déanamh na n-éileamh riachtanach ar shochar árachais shóisialta chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

## Aoisliúntas agus Dul ar Scor

Tairgfear na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais cuí don iarrthóir rathúil mar a bhí i réim sa Státseirbhís tráth a dtairgfear ceapachán dó/di. Go hiondúil, déanfar ceapachán a thairiscint do cheapaí nár oibrigh riamh sa tSeirbhís Phoiblí bunaithe ar bhallraíocht de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"). Tá sonraí iomlána na Scéime ag www.singlepensionscheme.gov.ie/ga/

Sa chás gur oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin (neamh-Scéim Aonair) sa tseirbhís phoiblí sna 26 seachtainí roimh an gceapachán nó atá ar shos gairme nó ar shaoire speisialta faoi láthair le/gan phá d'fhéadfadh téarmaí éagsúla a bheith i gceist. Bunófar teidlíocht pinsin na ndaoine a cheapfar i gcomhthéacs a staire fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Is iad seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht na Scéime Aonair:

- **i)** Aois scoir: Is é 66 bliain d'aois an aois íosta faoi láthair ina bhfuil pinsean iníoctha mar atá an aois incháilitheachta don Phinsean Stáit.
- **ii)** Aois Scoir: Ní mór do chomhaltaí scéime éirí as nuair a shroicheann siad 70 bliain d'aois.
- **iii)** Úsáidtear meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraíonn méid pinsin agus cnapshuime gach bliain agus déantar iad a uasghrádú gach bliain faoi threoir CPI).
- **iv)** Tá méaduithe pinsin iar-scoir nasctha le CPI

## Laghdú Pinsin

Má bhí an ceapaí fostaithe cheana sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus go bhfuil pinsean á fháil aige nó aici ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó sa chás go bhfuil pinsean de chuid na Státseirbhíse/na Seirbhíse Poiblí á íoc beidh an pinsean sin **faoi réir lacáiste** de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair faoi deara: Agus tú ag cur isteach ar an bpost seo tá tú ag admháil go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálacha lacáiste, nuair is cuí. Ní shamhlaítear go dtacóidh an Roinn/Oifig fostaithe le hiarratas ar tharscaoileadh laghdaithe i leith ceapachán sa phost seo.**

- Mar sin féin, má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus dá mbronnadh pinsean air/uirthi faoi shocruithe luathscoir deonacha (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER), Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 VER/VRS nó Ciorclán na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil LG(P) 06/2013, a fhágann go bhfuil duine neamh-incháilithe don chomórtas) scoirfidh an teidlíocht chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheaptha. Féadfar socruithe speisialta a dhéanamh, áfach, chun seirbhís roimhe sin a thug an ceapaí a ríomh chun críche aon dámhachtana aoisliúntais amach anseo a bhféadfaidh an ceapaí a bheith incháilithe ina leith.

- **Ciorclán 102/2007 Scéime Luathscoir na Roinne Oideachais agus Scileanna do Mhúinteoirí**
  Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Is coinníoll den Scéim Luathscoir é, seachas na cásanna atá leagtha amach i míreanna 10.2 agus 10.3 den doiciméadú ciorclach ábhartha, agus leis na heisceachtaí sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shnáitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus go bhfuil sé/sí fostaithe ina dhiaidh sin in aon cháil in aon limistéar den earnáil phoiblí, scoirfidh láithreach d'íocaíocht pinsin leis an duine sin faoin scéim. Déanfar íocaíochtaí pinsin a atosú, áfach, ar scor den fhostaíocht sin nó ar 60ú breithlá an duine, cibé acu is déanaí, ach ar atosú, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (s.é. ní chuirfear na blianta breise a deonaíodh roimhe sin san áireamh agus íocaíocht an phinsin á ríomh).

- **Scor-Drochshláinte**
  Tabhair faoi deara, le do thoil, go gceanglaítear ar aon duine a chuaigh ar scor roimhe seo ar chúiseanna drochshláinte faoi théarmaí scéime aoisliúntais a dhearbhú, ag an gcéad chéim iarratais, go bhfuil pinsean den sórt sin á fháil acu don eagraíocht a riarann an comórtas earcaíochta.

  Beidh ar iarratasóirí freastal ar oifig an CMO chun a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar a mheas agus an riocht ina bhfuil siad cáilithe le haghaidh IHR á gcur san áireamh.

## Ceapachán tar éis scor de bharr drochshláinte ón Státseirbhís

Má éiríonn leo ina n-iarratas tríd an gcomórtas, ba cheart go mbeadh an t-iarratasóir ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

**i)** Má mheastar a bheith oiriúnach chun seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus go sanntar iad do phost, scoirfidh a bpinsean drochshláinte státseirbhíse.

**ii)** Má theipeann ar an iarratasóir ina dhiaidh sin promhadh a chríochnú nó má chinneann sé/sí a phost sannta a fhágáil, <u>ní féidir aisiompú ar stádas IHR na státseirbhíse, ná pinsean IHR na státseirbhíse a athchur,</u> a bhí ann roimh an iarratas agus níl teidlíocht ar an gcéanna ach an oiread.

**iii)** Tiocfaidh an t-iarratasóir chun bheith ina gcomhalta de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) nuair a cheapfar é má bhí sos sa tseirbhís phoiblí/shibhialta inphinsin de níos mó ná 26 seachtaine aige/aici.

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil faisnéis níos mionsonraithe maidir le himpleachtaí pinsin dóibh siúd atá ag fáil pinsean drochshláinte státseirbhíse nó seirbhíse poiblí ar fáil tríd an nasc seo nó ar iarratas chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

## Fabhrú Pinsin

Beidh feidhm ag teorainn 40 bliain ar an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh i leith pinsin i gcás ina raibh duine ina chomhalta de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin a bhí ann cheana (s.é. Scéim neamh-Aonair) de réir Acht 2012. Déantar foráil don teorainn 40 bliain seo san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige seo d'aon cheapaí a fuair cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.

## Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise

Tá an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Aoisliúntais Breise (ASC) de réir an Achta um Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí 2017. **Nóta;** Tá asbhaintí ASC sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (príomhscéim agus ranníocaíochtaí céilí agus leanaí) a theastaíonn faoi rialacha do scéime pinsin.

Le haghaidh tuilleadh eolas ar Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair, féach ar an suíomh gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie

## Rúndacht, Discréid agus Caighdeáin Iompraíochta: Rúndacht agus Macántacht Oifigiúil:

Beidh oifigeach faoi réir Fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 2014. Comhaontóidh an t-oifigeach gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe neamhúdaraithe le linn na tréimhse fostaíochta nó dá éis.

## Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse:

Beidh an ceapaí faoi réir ag Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse

## Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí:

Beidh feidhm ag na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, nuair is iomchuí, maidir leis an gceapachán seo.

## Foilseacháin a cheadú roimh ré:

Comhaontóidh duine ceaptha gan ábhar a bhaineann lena dhualgais oifigiúla / lena dualgais oifigiúla a fhoilsiú gan cead a fháil roimh ré ón Stiúrthóir nó ó chomhalta údaraithe cuí eile den fhoireann bhainistíochta shinsearach.

## Gníomhaíocht Pholaitiúil:

Le linn théarma na fostaíochta, beidh an t-oifigeach faoi réir ag na rialacha lena rialaítear seirbhísigh phoiblí agus an pholaitíocht.

**Léiríonn an méid thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe gurb é an liosta cuimsitheach de gach téarma agus coinníoll fostaíochta a leagfar amach sa chonradh promhaidh a bheidh le bheith aontaithe leis an iarrthóir rathúil.**

# AN PRÓISEAS IARRATAIS AGUS ROGHNÚCHÁIN

## Conas iarratas a Dhéanamh

Comhlánaigh agus cuir isteach d'iarratas tríd an nasc RMS a chuirtear ar fáil **anseo**.
Ní mór d'iarrthóirí an fhoirm iarratais a chuirtear ar fáil don chomórtas seo a úsáid. Ní ghlacfar le hiarratais a chuirtear isteach in aon fhormáid eile.

Ní mór go n-áiríonn d'iarratas:

1. CV cuimsitheach (gan dul thar 3 leathanach – le Sonraí Oideachais agus Stair Oibre a chur san áireamh in ord croineolaíoch), le do thoil ná cuir grianghraf pearsanta ar do CV.

2. Foirm Iarratais Inniúlachta - Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú ina hiomláine agus de réir na dtreoracha a chuirtear ar fáil. Ní mór d'iarrthóirí cloí leis na teorainneacha focal sonraithe, mar ní féidir iarratais a sháraíonn an t-uaslíon focal a mheas.

   Measfar iarratais neamhiomlána, nó iad siúd a chuirtear isteach i bhformáid seachas an fhoirm iarratais fhorordaithe, a bheith neamh-incháilithe.

**Ba chóir d'iarratasóirí an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:**

**A.** Má fhágtar ar lár aon doiciméad nó cuid den doiciméad iarrtha, atá leagtha amach thuas, beidh an t-iarratas neamhiomlán. Ní bhreithneofar ar iarratais neamhiomlána don chéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin.

